

Bunreacht

1. Ainm

Glaofar Cumainn Tuismitheoirí Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha ar an gCumann. As seo amach glaofar an Cumann air.

2. Ballraíocht

Beidh ballraíocht den Chumann ar fáil do Chumann Tuismitheoirí Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha atá ainmnithe ag an Roinn Oideachais.

3. Aidhmeanna

3.1 Gníomhú mar Chumann Náisiúnta amháin ar son Chumann Tuismitheoirí Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha.

3.2 Ról tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a leanaí a chosaint agus a chur chun cinn.

3.3 Seirbhísí chomhairligh agus eolais a thabhairt dá mbaill.

3.4 A chinntiú go bhfuil guth éifeachtach i bhforbairt oideachasúil trí:

3.4.1 A gceart a dhearbhuí do chomhairliú agus eolas maidir le pleanáil agus polasaíchruthú an Rialtais agus éinne eile mar a bhfuil éifeacht aige ar oideachas.

3.4.2 Bealaí a sholáthar do chomhairliú den tsórt seo le húdaráis chuí.

3.4.3 Ionadaíocht dhíreach a fháil ar a leithéid de choistí, de chomhlachtaí poiblí nó de Eagraíochtaí a mheasann an Coiste Feidhmiúcháin a bheith oiriúnach.

3.4.4 Aithint agus tacú le ról tuismitheoirí a thoghtar mar ionadaithe ar Bhoird Bhainistíochta Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha.

3.5 Ceangal a chur chun cinn idir eagraíochtaí eile tuismitheoirí agus comhlachtaí eile a mheasann an Coiste Feidhmiúcháin a bheith oiriúnach.

3.6 Cuidiú le nó a bheith páirteach in aon ghníomhaíochtaí a meastar a bheith tairbheach nó inmholta ar mhaithe leis na Cumainn agus a mbaill.

3.7 Gníomhú mar ionadaí agus comhlacht caibidil ar son gach ball nó aon chumann tuismitheoirí cleamhnaithe mar a iartar.

4. Structúr

4.1. Beidh bainistíocht, riarachán agus polasaíchruthú PACCS dílsithe sa Chomhdháil Bhliantúil. Cuirfidh an Coiste Feidhmiúcháin agus a oifigigh i bhfeidhm iad.

4.2. Ar mhaithe le riarachán roinnfear an tír ina réigiúin faoi mar atá sé leagtha amach anseo:

Baile Átha Cliath; Oirthuaisceart; Oirdheisceart; Deisceart; Lártíre Thuaidh; Lártíre Theas; Iarthar; Iarthuaisceart.

4.3. Toghfaidh na réigiúin líon na mball, don Choiste Feidhmiúcháin, de réir mar atá sé leagtha amach i 6.1. thíos, óna mbaill féin chun suí ar an gCoiste Feidhmiúcháin atá ag teacht isteach ar feadh tréimhse bliana. Cuirfear ar aghaidh ainmneacha na n-ionadaithe seo chuig an Coiste Feidhmiúcháin reatha mí amháin roimh an gComhdháil Bhliantúil.

4.4. Toghfaidh gach réigiún bord oifigí óna mbaill mar is gá. Reachtálfaidh siad cruinnithe réigiúnacha uair sa téarma ar a laghad agus Comhdháil Bhliantúil gach bliain.

4.5. Cuirfear tuairisc airgid ós comhair na mball ag an gComhdháil Bhliantúil.

4.6. Cuirfidh gach réigiún bunreacht le chéile le haon fho-dhlithe a bhfuil gá leo chun a fheidhmiúchán a rialú ionas go bhfuil gach cuid de ar aon dul leis an mBunreacht Náisiúnta.

4.7. Mairfidh ball ó Chomhdháil Bhliantúil go Chomhdháil Bhliantúil.

5. An Chomhdháil Bhliantúil.

5.1. Reachtálfaidh an Coiste Feidhmiúcháin atá in oifig, nó atá ag éirí as, an Chomhdháil Náisiúnta, agus/nó aon Chomhdháil Speisialta de PACCS a thionólfar de réir na hAltanna seo sa tsli seo a leanas:

5.2. Is féidir le gach Cumann cleamhnaithe beirt ionadaí a bheith acu le vóta an duine acu chomh fada is nach mbeidh aon tosaire ina ionadaí do níos mó ná cumann amháin.

5.3. Toghfaidh an Chomhdháil Náisiúnta Uachtarán PACCS agus an Coiste Feidhmiúcháin mar atá leagtha amach ins na hAltanna seo. Roghnófar ainmneacha do phost an Uachtaráin ó na hIonadaithe ag 4.2 mar atá sé léirithe. Cuirfidh an Rúnaí liosta na n-ionadaithe seo ar aghaidh go dtí na cumainn cleamhnaithe go léir dhá sheachtain roimh an chomhdháil náisiúnta. Toghfar an tUachtarán de réir bhallóid rúnda. Riarfar an toghchán seo mar seo a leanas: Má tá beirt nó níos mó ainmnithe ag cumainn cleamhnaithe tabharfar páipéar vótála do gach tosaire vótála atá i láthair. Nuair atá na páipéir líonta, baileoidh scrúdanóirí ainmnithe iad. Níl cead ag vótálaí a ainm a chur ar an bpáipéar vótála. Má léiríonn an comhaireamh go bhfuair iomaitheoir amháin tromlach glan de na vótaí, i.e. uimhir níos mó ná vótaí na n-iomaitheoirí go léir curtha le chéile, ansin fógrófar an duine sin a bheith tofa. Ach mura bhfuair aon duine tromlach glan, ansin an duine leis an líon is lú vótaí den chlár agus beidh athvótáil de na daoine atá fágtha ar an liosta. Muna dtugann an dara ballóid toradh leanfar leis an bpróiseas, an duine leis an líon is lú vótaí a bhaint den chlár, go dtí go bhfaighidh duine amháin an tromlach mar is gá.

5.4. Fanfaidh an tUachtarán agus an Coiste Feidhmiúcháini in oifig go dtí deireadh na Comhdhála Bhliantiúla i ndiaidh a dtoghcháin, agus is féidir leo seasamh la haghaidh atoghcháin. Má éiríonn an tUachtarán neamhábailta i rith a théarma san oifig, is féidir leis an leas-Uachtarán obair an Uachtaráin a dhéanamh go dtí deireadh téarma an Uachtaráin.

5.5. Is féidir leis an Uachtarán Comhdháil Speisialta a thionóladh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoist Feidhmiúcháin nó ar éileamh trian de na Cumainn cleamhnaithe de PACCS. Sa díospóireacht agus/nó sa vótáil ag Comhdháil Speisialta mar seo caithfear cloí leis na cúrsaí a leagtar síos san fhógra éilimh.

6 An Coiste Feidhmiúcháin.

6.1. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin déanta suas de bhaill a thoghfear ag na Cumainn Tuismitheoirí cleamhnaithe ó na réigiúin mat atá sé leagtha amach thíos agus a bhfuil páiste acu in oideachas lánaimseartha i bPobalscoil nó i Scoil Chuimsitheach aitheanta.

Ó Bhaile Átha Cliath	6 bhall
Ón Oirthuaisceart	2 bhall
Ón Oirdheisceart	2 bhall
Ón Deisceart	3 bhall
Ó Lártíre Thuaidh	2 bhall
Ó Lártíre Theas	2 bhall
Ón Iarthar	2 bhall
Ón Iardheisceart	2 bhall

6.2 Toghfear an tUachtarán ag Comhdháil ó na toscairí thuas agus beidh air/uirthi tar éis bliain amháin, ar a laghad, a fhreastail ar an gCoiste Feidhmiúcháin Náisiúnta.

6.3 Is féidir leis an toghlach, as a thagann an tUachtarán, toscaire a thoghadh ina áit don Choiste Feidhmiúcháin gach bliain.

6.4 Má éiríonn ball den Choiste Feidhmiúcháin as, i rith téarma na hoifige, is féidir an post a líonadh le toghchán ón toghlach céanna.

6.5 Má tá toscaire réigiúnach as láthair ón gcoiste náisiúnta trí chruinniú as a chéile glactar leis go bhfuil sé/sí éirithe as agus is féidir leis an réigiún an post a líonadh.

6.6 Is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin na hoifigí seo a leanas a thoghadh óna gcuid ball --- LeasUachtarán, Rúnaí Oinigh, Oifigeach Caidrimh Poiblí(OCP), OCP Cúnta, Cisteoir Oinigh, Cisteoir Oinigh Cúnta. Fanfaidh siad in oifig go dtí deireadh na Comhdhála Bliantiúla i ndiaidh a dtoghcháin. Is féidir leo dul le atoghchán. Is féidir leis an gCisteoir Oinigh, má tá an Coiste sásta, ciste PACCS a riaradh agus cuntas iniúctha ar riarachán airgeadais na bliana féilire roimhe sin a ullmhú agus a chur i láthair ag an gComhdháil Bhliantúil. Is féidir cuntas nó cuntas bainc a oscailt in ainm Cumann Tuismitheoirí Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus beidh cead síneála ar sheiceanna a tharraingeofar ar chuntas nó cuntais ag beirt de na hoifigigh seo a leanas – Uachtarán, Rúnaí Oinigh, Cisteoir Oinigh, Cisteoir Oinigh Cúnta, Rúnaí Ginearálta.

6.6.1 Baill de Choiste Feidhmiúcháin PACCS, atá tofa le haghaidh oifige, níl cead acu fanacht san oifig chéanna níos mó ná trí bliana.

6.7 Beidh cead ag an gCoiste Feidhmiúcháin a fháil ar iasacht, le haghaidh PACCS mar rótharraingt, iasacht téarma, cuntas iasachta nó ar chuma eile ó PACCS, le biseach sa rang den socrú atá tugtha, a leithéid d'airgead uair amháin nó ó am go ham de réir mar a mheastar a bheith cuí, agus dul i mbannaí dá leithéid iasachtaí agus an biseach orthu trí Bhillí Malairte, Nótaí Gealltanais nó aon oibleagáid eile a eisiúint nó bannaí costais ar gach cuid nó aon chuid de sheilbh PACCS nó aon chuid de agus dul isteach in aon socraithe a théann leo siúd mar atá cuí leis na bannaí seo a thabhairt.

6.8 Is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin Rúnaí Ginearálta a roghnú a sheasfaidh mar Oifigeach Feidhmiúcháin de PACCS faoi threoir an Choiste Feidhmiúcháin; beidh gnáthchead ag an Rúnaí seo freastal ar gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.

6.9 Is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin de réir mar is mian leo fo-choistí de ionadaithe ó Chumainn cleamhnaithe a roghnú más gá leo chun gnó PACCS a chur i gcrích níos fearr, déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin amach téarmaí tagartha agus módhanna tuairisce na gcoistí seo. Beidh cumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin críoch a chur leis na coistí seo deich lá ar a laghad roimh sprioclá an chruinnithe.

6.10 Beidh cumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin baill nua a chomhthoghadh chun a chinntiú go bhfuil an coiste ag deaobair. Ní bheidh cead ag a leithéid de bhaill oifige a fháil nó ní bheidh cearta vótála acu.

6.11 Is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin teacht le chéile uair amháin sa téarma scoile. Ba chóir fógra an chruinnithe agus clár oibre an chruinnithe a chur amach go dtí gach ball den choiste deich lá ar a laghad roimh sprioclá an chruinnithe.

6.12 Is féidir leis an Uachtarán Cruinniú Speisialta den Choiste Feidhmiúcháin a éileamh as a chonlán féin nó ar éileamh sínithe naonúr ball den choiste. Caithfidh cuspóir an chruinnithe a bheith ráite san éileamh.

6.13 Déanfaidh seisear ball den Choiste Feidhmiúcháin córam do gach cruinniú. Beidh an tUachtarán, nó má tá sé/sí as láthair an LeasUachtarán, ina chathaoirleach ar gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin. Má tá an tUachtarán nó an LeasUachtarán as láthair is féidir leis na baill atá i láthair cathaoirleach a thoghadh astu féin. I ngach má tá líon na vótaí i bhfábhar nó i gcoinne rúin cothrom, beidh vóta breise nó réitigh ag an Uachtarán nó pé duine atá ina chathaoirleach.

6.14 Is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin dáta agus láthair an Comhdhála Bhliantúil a shocrú agus fógra dó siúd a thabhairt go dtí na Cumainn ballraíoch dhá sheachtain déag ar a laghad roimh sprioclá na Comhdhála.

6.15 Cuirfear gach tairiscint don Chomhdháil Bhliantúil chuig an gCoiste Feidhmiúcháin ocht sheachtain roimh dáta na comhdhála. Beidh cead ag an gCoiste Feidhmiúcháin rúin a cuireadh isteach a thabhairt le chéile mar a fheictear dóibh a bheidh gá leis.

6.16 Beidh an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as chlár oibre na comhdhála a ullmhú agus réamhchlár oibre, ina mbeidh na tairiscintí a bheidh le cur roimh an gComhdháil, a chur chuig gach Cumann Ballraíoch sé sheachtain roimh dháta na comhdhála.

6.17 Beidh cead ag an gCoiste Feidhmiúcháin tairiscintí a chur ar an Réamhchlár Oibre, agus leasaithe ar na tairiscintí a chur ar an gClár Oibre dheiridh.

6.18 Cuirfear an Clár Oibre dheiridh chuig toscarí na Comhdhála agus rúnaithe gach Cumann ballraíoch seacht lá ar a laghad roimh dháta oscailte na Comhdhála.

6.19 Beidh an tUachtarán atá ag éirí as seilbh i gceannas ar gach seisiún den chomhdháil. Má tá an tUachtarán as láthair beidh an LeasUachtarán i gceannas. Muna bhfuil an tUachtarán nó an LeasUachtarán i láthair is féidir leis na baill feidhmiúcháin LeasUachtarán a thoghadh óna chéile: in aon chás ina bhfuil líon na vótaí, i bhfábhar nó i gcoinne, cothrom beidh vóta breise nó réitigh ag an Uachtarán nó cathaoirleach eile atá i gceannas.

6.20 Socróidh an Chomhdháil Bhliantúil an Táille Cleamhnais Bliantúil, a bheidh le híoc faoin 1ú Eanáir gach bliain.

7.0 Toscairí don Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí iarbhunscoile.

7.1 Ainmneoidh an Coiste Feidhmiúcháin Náisiúnta na toscarí don Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí iarbhunscoile.

8.0 Bunreacht.

8.1 Gach bliain, is féidir an bunreacht seo nó aon chuid de a athrú nó a leasú nó a chur ar ceal le tromlach vótaí nach bhfuil níos lú ná aon trian de bhaill chreidiúnaithe na comhdhála atá i láthair agus ag vótáil.

9.0 Scaoileadh

9.1 Ní féidir aon mholadh a dhéanamh chun PACCS a scaoileadh ach ag an gComhdháil Bhliantúil nó Comhdháil Speisialta agus dáilfear moltaí den tsórt sin i Réamhchlár Oibre na Comhdhála. (6.16)

9.2 Má ghlactar le moladh chun PACCS a scaoileadh, caithfear glacadh le moladh eile faoi chonas dul ar aghaidh le somhaoin agus domhaoin PACCS a riaradh.